II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/445 ÓN gCOMHAIRLE

**an 12 Márta 2021**

**lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/449 an 12 Márta 2021 ón gComhairle lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/172/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Márta 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/172/CBES ([2]).

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 ón gComhairle ([3]), tugtar éifeacht do Chinneadh 2011/172/CBES.

(3) An 12 Márta 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/449 , lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/172/CBES.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear leis seo Rialachán (AE) Uimh. 270/2011.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

([1]) Féach leathanach 46 den Iris Oifigiúil seo.

([2]) Cinneadh 2011/172/CBES ón gComhairle an 21 Márta 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt (IO L 76, 22.3.2011, lch. 63).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 ón gComhairle an 21 Márta 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Éigipt (IO L 76, 22.3.2011, lch. 4).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. P. ZACARIAS